# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2023/1093 ÓN gCOMHAIRLE

**an 15 Bealtaine 2023**

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht na Cóiré le haghaidh Comhaontaithe maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht na Cóiré i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas Phoblacht na Cóiré le Fís Eorpach — an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 186 agus 212, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Comhlíonann Poblacht na Cóiré ('an Chóiré') na critéir i bpointe (d) d'Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1].

(2) Ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an gCóiré d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht na Cóiré i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas na Cóiré le Fís Eorpach — an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht na Cóiré ('an Chóiré') thar ceann an Aontais, le haghaidh comhaontaithe maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht na Cóiré i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas na Cóiré le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027).

*Airteagal 2*

Leagtar amach na treoracha caibidlíochta san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an Meitheal um an Áise-an Aigéine, maidir le hábhair a bhaineann leis na coinníollacha ginearálta i dtaca le rannpháirtíocht na Cóiré in aon chláir de chuid an Aontais, agus leis an Meitheal um Thaighde, maidir le hábhair a bhaineann leis na coinníollacha sonracha i dtaca le rannpháirtíocht na Cóiré sa Chlár Fís Eorpach.

*Airteagal 4*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

---

[1] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha do rannpháirtíocht agus do scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Bealtaine 2023.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. FORSSMED